## Srianadh Ceimiceach

Is é úsáid luibhicídí an bealach is fearr agus is éifeachtaí ó thaobh costais de chun *Gunnera* a shrianadh. Teastaíonn luibhicíd shistéamach a mharóidh fréamhacha an phlanda agus moltar foirmle bunaithe ar ghliofosáit ar féidir í a úsáid gar d'uisce. Is féidir luibhicídí eile ina bhfuil 2, 4-d aimín nó tríchlóipir a úsáid i suíomhanna ar shiúl ó uisce. Is féidir an luibhicíd a leathadh ar dhá bhealach:

***Sprae duilliúir:*** Bain úsáid as *tiúchan molta an déantúsóra* i spraeire cnapsaic chun plandaí aonair a spotchóireáil nó spraeáil scaipthe a dhéanamh ar mhothar dlúth. Níor cheart spraeáil a dhéanamh ach amháin le linn aimsir fhuar, thirim, chiúin. Tá spraeire le lansa fada úsáideach lena chinntiú go gclúdaítear plandaí móra.

***Teicníc ghearrtha agus phéinteála:*** Ba cheart gais na nduilleog a ghearradh gar do bhun an phlanda agus na stoic a phéinteáil *ar an bpointe* le tuaslagán 25% de ghliofosáit agus scuab nó spúinse á úsáid agat. Is féidir múirín a dhéanamh leis na duilleoga nó ligean dóibh lobhadh ar an suíomh. Moltar an modh seo i gcomhair suíomhanna leochaileacha, mar shampla, timpeall ar dhobharlaigh.

*Bí aireach agus luibhicídí á n-úsáid agat, agus smaoinigh go cúramach ar an tionchar a bheidh agat ar thalamh nó ar uiscebhealaí i ngar duit. Léigh an lipéad go cúramach, agus bain úsáid as fearas sábháilteachta cuí i gcónaí.*


Gunnera, Elaine O'Riordan

Bláth Gunnera

## Uainiú

Is i ndeireadh an tsamhraidh nó i dtús an fhómhair is éifeachtaí an luibhicíd, nuair a bhíonn an planda ag fás go bríomhar agus sula dtosaíonn na duilleoga ag feo. Tógfaidh sé tuairim is 3 – 4 bliana de chóireáil bhliantúil chun an chuid is measa den ionradh a ghlanadh, agus ina dhiaidh sin ba cheart seiceáil uair sa bhliain agus aon fhás nua síológ a shrianadh.

Ba cheart gach táirge cosanta plandaí a úsáid de réir lipéad an táirge agus de réir dea-chleachtais cosanta plandaí mar a fhorordaítear i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Údarú, Cur ar an Margadh, Úsáid agus Srianadh Táirgí Cosanta Plandaí) (I.R. Uimh. 83 de 2003). Níl sé ceadaithe ach ag daoine a bhfuil an traenáil atá leagtha síos curtha i gcrích acu agus a bhfuil an teastas sainithe cuí/na teastais shainithe chuí bainte amach acu, luibhicídí/lotnaicídí, atá údaraithe i dtaca le húsáid phroifisiúnta, a úsáid.
http://www.pcs.agriculture.gov.ie/sud/

## Tuilleadh Eolais

Tá tuilleadh eolais faoi *Gunnera* agus faoi speicis ionracha eile ar fáil ar:
http://biodiversity.galwaycommunityheritage.org/
http://www.biodiversityireland.ie/projects/invasive-species/
http://www.invasivespeciesireland.com


## Sonraí Teagmhála

Chun tuairisc a thabhairt faoi *Gunnera* nó faoi speicis achrannacha eile, nó chun comhairle a fháil maidir le clár srianta a phleanáil i do cheantar, déan teagmháil le Bainisteoir Thionscadal Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe, Elaine O'Riordan.
***Fón:*** 091-495921
***R-phost:*** invasivespecies@galwaycoco.ie

Applied Ecology Unit
Galway County Heritage Forum
Comhairle Chontae na Gaillimhe Galway County Council
people & nature
An Chomhairle Oidhreachta The Heritage Council
NUI Galway OÉ Gaillimh




# scaipeadh na SPEICEAS IONRACH



Gunnera, Elaine O'Riordan

## Mar gheall air

Planda as Meiriceá Theas, atá ag scaipeadh agus ag imeacht ó smacht in iarthar na hÉireann, atá in *Gunnera tinctoria*, a dtugtar Chilean or Giant Rhubarb i mBéarla air freisin. Tá sé anois forleathan in áiteanna i gConamara.

## Cén chaoi lena aithint?
Is planda mór coimhthíoch é *Gunnera* a fhéachann ait nó míchuibhiúil in Éirinn. Sa samhradh fásann sé suas le 2 m ar airde, le duilleoga ollmhóra ar nós na biabhóige air agus ceanna síolta i spící dearga/oráiste ag an mbun. Sa gheimhreadh feonn sé agus fágtar bunanna dubha, duilleoga agus bláthcheanna seargtha.

## Cén fáth ar fadhb é?
Le linn mhíonna an earraigh agus an tsamhraidh, déanann *Gunnera* mothair dhlútha ollmhóra a fhásann as smacht i ngairdíní, ar shuíomhanna tréigthe, bruacha abhann, taobhanna bóthair, talamh feirme agus amuigh faoin tír. Bíonn cuma ghránna air i dtírdhreach álainn Chonamara. Ar thaobhanna abhann cuireann sé bac ar shlatiascairí agus ar bheostoc agus d'fhéadfadh creimeadh na mbruach abhann a bheith mar thoradh air. Is féidir leis díoga a bhlocáil, talamh maith a choilíniú agus seilbh a ghlacadh ar ghnáthóg fiadhúlra luachmhar.

## Cén chaoi a scaipeann sé?
Tá riosóim thiubha mharthanacha (gais a bhfuil cuma fréamhacha orthu a bhíonn faoin talamh) ar *Gunnera*, ar féidir leo fás arís fiú ón mblúire is lú agus is bídí. In Éirinn scaiptear go minic é trí ithir nó carraigeacha éillithe a bheith á mbogadh, rud a tharlaíonn go minic nuair a bhíonn bóithre nó foirgnimh á dtógáil. Is féidir le plandaí lánfhásta bláthú agus síolta a tháirgeadh, agus iompraíonn éin, uisce nó trácht na síolta nó bogtar iad in ithir nó ar fhásra.



Fás nua Gunnera san earrach

## Reachtaíocht
Tá *Gunnera* liostaithe ar an Tríú Sceideal de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (I.R. Uimhir 477 de 2011) a bhfuil sé mar chion ann faoi Rialachán 49 an planda seo a chur, a scaipeadh, ligean dó fás nó a bheith ina chúis lena fhás i bPoblacht na hÉireann.

Faoi Rialachán 50 is cion é aon speiceas ar an Tríú Sceideal a iompórtáil, a cheannach, a dhíol, a shíolrú, a atáirgeadh nó a iomadú, a fhógairt, a thairiscint nó a easpórtáil d'fhonn é a dhíol, a iompar nó a dháileadh nó praghasliosta a fhoilsiú. (Níl éifeacht leis an rialachán seo go dtí go ndéantar fógra Aire)

Is féidir ceadúnas a fháil faoi chúinsí áirithe chun na gníomhaíochtaí sin a cheadú.

## Céard is féidir leat a dhéanamh?
- Tabhair tuairisc ar shuíomh na fiaile do Chomhairle Contae na Gaillimhe nó don Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.
- Cuir úinéirí talún ar an eolas maidir le *Gunnera* ar a sealúchas.
- Ná tochail ró-ghar don phlanda agus ná bris an fhréamh ina phíosaí, mar gur féidir go bhfásfadh planda nua as gach blúire.
- Gearr na bláthanna de phlandaí aibí san earrach/ i dtús an tsamhraidh sula ndéanann siad síolta.
- Ná dumpáil gearrtháin planda nó ithir aon áit eile.
- Srianadh: Bain úsáid as an modh is oiriúnaí chun an t-ionradh fiaile a ghlanadh ó do shealúchas.



Áit plódaithe le Gunnera

## Srianadh de láimh
Is féidir plandaí beaga a thochailt aníos más féidir an fhréamh iomlán a thabhairt leat. Ach ní mholtar de ghnáth tochailt a dhéanamh i dtaca leis an ngunnaire, mar go spreagann suaitheadh na hithreach agus briseadh an phlanda ina phíosaí fás plandaí nua.

Más féidir é, bain na bláthanna de phlandaí lánfhásta san earrach/i dtús an tsamhraidh sula n-aibíonn siad chun cosc a chur orthu síol a scaipeadh. Ba cheart fáil réidh le ceanna síolta gearrtha trína ndó, a gcur go domhain sa talamh nó a mbailiú i málaí dubha chun iad a chur i láithreán líonadh talún.



Gunnera flower